Polasaí Teagasc Críostaí

I nGrá Dé -Clár teagasc Críostaí

1.Réamhráiteas

Is Gaelscoil í Scoil Naithí a bhfuil oideachas iomlán an pháiste tré mheán na Gaeilge mar phriomhaidhm aici. Tá an scoil faoi phatrúnacht an Ardeaspaig Chaitlicí, agus feidhmíonn an scoil faoi ghnáthrialacha na Roinne Oideachais. Chuir foireann na scoile an polasaí seo le chéile (Meán Fómhair 2023).

- **Sceideal do scoil chaitliceach**

Tá sé mar aidhm ag scoil Chaitliceach (a raibh baint ag an Aire lena bhunú) an fhorbairt iomlán agus chomhoiriúnach de na gnéithe daonna go léir den dalta a chur chun cinn, forbairt intleachtach, fhisiceach, chultúrtha, mhorálta agus spioradálta, lena n-áirítear caidreamh beo le Dia agus le daoine eile. Cuireann an scoil fealsúnacht saoil ar fáil, fealsúnacht arna spreagtha trí chreideamh i nDia agus sa saol, sa bhás agus san aiséirí d'Íosa Críost. Soláthraíonn an scoil Chaitliceach oideachas reiligiúnach do na daltaí I gcomhréir leis na teagasca, cleachtais agus traidisiúin den Eaglais Chaitliceach agus cuireann sé an creideamh Caitliceach chun cinn i ndéanmhaíocht na ndaltaí/

- **Stair na Scoile**

Bunaíódh Scoil Naithí i 1973 nuair a tháinig tuimsitheoirí sa cheantaar le chéile le hoideachas trí mheán na Gaeilge a sholáthar dá gcuid páistí. Bhí an scoil ag feidhmiú i seomraí réamhdhéanta go dtí 1980 (ar an suíomh a bhfuil Naomh Attracta anois). Tógadh an foirgneamh scoile i 1980 ar thalamh a thug Scoil Phobail Bhaile an tSaoir dúinn. I 1993 thóg Comhlucht Naithí an Amharclann, an seomra léitheoireachta agus an Naíonra. Tá Scoil Naithí ag fás agus ag forbairt i gcónaí agus bíonn muid ag brat har thacaíócht agus ar chabhair na dtuismitheoirí chun cabhrú linn ár n-aidhmeanna a bhaint amach.

- **Réasúnaíocht**

Leagtar amach sa bheartas seo beartas na scoile maidir le múineadh oideachais reiligiúnaigh sa scoil, agus a gaol le héiteas na scoile, nósanna imeachta maidir le múineadh oideachais reiligiúnaigh agus nósanna imeachta atá i bhfeidhm nuair a fhreastalaíonn leanaí creidimh eile nó gan chreideamh ar an scoil, féilte agus liotúirgeachtaí Caitliceacha a cheiliúradh, freagrachtaí na dtuismitheoirí, an pharóiste agus na múinteoirí i múineadh oideachais reiligiúnaigh, agus critéir rathúlachta don mhúineadh oideachais reiligiúnaigh inár scoil.

- Tá scéal Naomh Naithí le feiceáil ar an mballa ag an bpríomhdhoras. Tá pictiúr de Naomh Íosaef crochtadh sa phasáiste agus tá siombail Naofa sna ranganna agus in Oifig na scoile

2. AN EAGLAIS CHAITLICEACH AGUS BUNOIDEACHAS REILIGIÚNACH

- **Foireann na Scoile**

Tá cáilíochtaí agus teastas sa reiligiún ag gach Múinteoir atá sa scoil. Curaclam páiste lárnach atá i bhfeidhm againn a aithníonn luach agus éagsúlacht gach páiste agus a chuireann ar a chumas an fhorbairt iomlán is dual dó/di a dhéanamh mar pháiste, agus ina shaol sa tsochaí. Tá sé mar aidhm againn timpeallacht shuaimhneach a chruthú ina ndéantar cúram d'fhorbairt intleachtúil, fhisiciúil, chultúrtha, mhóralta, spioradálta, shóisialta agus mhothúchanach an pháiste. Tá comhoibriú, dea-bhéasaí agus dea-iompar riachtanach d'éifeacht na scoile agus d'fhorbairt agus dul chun cinn na bpáistí. Déantar dea-luachanna Críostúla a chothú. Spreagtar páistí i ngach gné den chultúr gaelach – teanga, cluichí, ceol, damhsa agus traidisiúin. Tá rannpháirtíocht agus tacaíocht na dtuisí mar chuid thábhachtach de shaol na scoile. Tugtar deiseanna do na múinteoirí forbairt gairmiúil a dhéanamh nuair is féidir maidir leis an teagasc críostaí agus bíonn deiseanna ann chun dea-chleachtas an mhúinteora a phlé ag cruinnithe foirne. Déantar innte de go bhfuil gach áis atá ar fáil leis an gclár a mhúineadh mar is cuí. Tá an t-oideachas reiligiúnach comhtháite in éiteas iomlán na scoile, rud a chinntíonn go mbíonn na luachanna agus na prionsabail a mhúintear le feiceáil i gcultúr agus i ngníomhaíochtaí laethúla na scoile. Spreagtar an fhoireann chun luachanna an chláir oideachais reiligiúnaigh a léiriú, ag cruthú timpeallacht chobhsaí agus thacúil do na daltaí. Tá nós sa scoil go mbíonn gach baill foirne páirteach/i láthair ag na sacraimintí, carúil na Nollag, Alfreann (coícís na Gaeilge), paidreacha.

• Tá cóip ag gach Múinteoir den sceideal agus tá sé crochtadh ag píomhdhoras agus ar an gclár fógraí sa phasáiste

• Múintear Teagasc Críostaí gach lá ar feadh 30 nóiméad. Déantar gach iarracht an Teagasc Críostaí a mhúineadh óna 11.45-12.15.

3. Aidhmeanna

An aidhm atá leis an gcuraclam Oideachais Reiligiúnaigh ná go sathraíonn sé forbairt chultúrtha, mhóralta agus spioradálta an pháiste. Cuireann an scoil fealsúnacht saoil ar fáil, fealsúnacht arna spreagtha trí chreideamh i nDia agus sa saol, sa bhás agus san aiséirí d'Íosa Críost. Úsáidtear an clár I nGrá Dé chun láithreacht Ghrá Dé a mhothú agus a cheiliúradh sa saol mórthimpeall orthu. Aithníonn an curaclam ceithre shnáithe atá ceangailte lena chéile agus atá le foghlaim sa chlár I nGrá Dé. Trasnaíonn na snáithe seo a chéile chun foghlaim iomlán a thabhairt don pháiste[1].

- **Creideamh Críóstaí**
- **Briathar Dé**
- **Liotúirge/Urnaí**
- **Móráltacht Chríostaí**

[1] Catholic Preschool and Primary Religious Education Curriculum for Ireland, Irish Episcopal Conference, p.31 2 Ibid, pp. 34-35

4. Eolas Ginearálta

a) Eolas faoin deoise

- Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath
- Patrúnacht: Ardeaspaig Chaitlicí (CPSMA), Ard Easpag-Dermot Farrell
- Rúnaíocht oideachais Mgr Dan O'Connor

b) Eolas faoi bparóiste

- Ainm: Baile an tSaoir

Foireann an pharóiste

Canóin Liam Belton, Noel Ryan, an tAth. Moses Daniel, Annette Farrell, Tommy Baker

c) Eolas faoin scoil

- AInm an phátrúin: Oifig an Ard Easpaig
- An Bord Bainistíochta: Barry Judge, Cormac Ó Braonáin, Emma Mhic an Iarla, Helen Ní Chiannaigh, Mícheál ó Meachair, Eimear Máirtín, Paula Ní Uigín.
- Comhordaitheoirí: Eimear Máirtín, Paula Ní Uigín

5. Ábhair

- The Catholic Preschool and Primary Religious Education Curriculum for Ireland (2015).
- I nGrá Dé
- Tá fáil ag gach Múinteoir ar lámh leabhair an mhúinteora ar line de bharr nach sé ar fáil trí Ghaeilge. Úsáidtear gach áis atá ar fáil trí Ghaeilge amháin.
- Tá Leabhar I nGrá Dé ag gach páiste a ghlacann páirt sa Teagasc Críostaí.
- Seoltar an Leabhar/aon ábhar a bhaineann leis an gceacht abhaile gach Seachtain (Déardaoin).
- Bíonn cóipleabhar Teagasc Críostaí ag na páistí ó R3-6.
- Bíobla atá ar fáil sa scoil: An Bíobla do pháistí.
- Seoltar an meamram míosúil (monthly memo) chuig na múinteoirí gach mí ar ríomhphost.

6. Cúinne Beannaithe

- Tá cúinne nó spás beannaithe i ngach rang a athraíonn leis an timthriall liotúirgeach mar atá leagtha amach sa chlár i nGrá Dé.

7. Paidreacha

Cabhraíonn rannpháirtíocht na bpáistí sa chleachtais urnaithe (foirmiúil agus neamhfhoirmiúil) agus cuidíonn sé seo lena gcumas san urnaí phearsanta a fhorbairt,

• Paidreacha laethúla: Paidir na maidine/na hoíche, Paidir roimh/tar éis lóin.

Féach billeog 'Paidreacha'

8. Ullmhúchán do na Sacraimintí/searmanais

- Ullmhaítear páistí Rang 2 agus 6 do na sacraimintí seo a leanas;
    - An chéad aithrí
    - An chéad chomaoineach
    - Searmanas an tsolais
    - Coineartú
- Déantar é seo in éineacht le tuismitheoirí agus an eaglais. Déanann Rang 2 an clár 'Grow in Love' leis an bparóiste, aifreann speisialta gach mí. Déanann Rang 6 an clár 'Walking with Families' sa pharóiste agus lena dteaghlaigh, 3 chruinniú Zoom, searmanas clárúcháin agus ½ aifreann speisialta. Bíonn na tuismitheoirí, páistí agus paróiste páirteach san ullmhúchán agus tacaíonn an scoil leo. Déantar an bhileog oibre LOOK (bunaithe ar an soiscéal) le rang 2 mar chuid den ullmhúchán seo.
- Bíonn páistí rang 3,4,5 mar chuid de chór na scoile agus grúpa ceoil a chasann/canann ag na hócáidí cuí.
- Eagraíonn Comhlucht Naithí cupán tae/briosca/ cóisir i halla na scoile mar cheiliúradh ar na sacraimintí/searmanais.

9. Teagasc Críostaí i rith na bliana

- Múintear Teagasc Críostaí go laethúil ar feadh 30 nóiméad gach lá. Is minic go n-úsáidtear teanga cráifeach mar chuid den Ghaeilge. Féach plean scoile Gaeilge 'Feidhmeanna teanga'
- Bíonn an scoil páirteach sna bhfeachtais/ócáidí seo a leanas
    - Trócaire,
    - GOAL,
    - shoe box appeal,
    - Seachtain na gCarad,
    - Seachtain na scoileanna caitliceacha,
    - mí na marbh,
    - Mí an mhaighdean Mhuire,
    - Carúil na Nollag,
    - Naomh Uinseann de Pól
    - Cártaí don teach altranais
    - an carghas,
    - Coicís na Gaeilge- aifreann Gaeilge.
- Déantar ceiliúradh speisialta ar na naoimh seo a leanas
    - Naomh Pádraig, Bríd, Naithí, Blaise, GobnaitX
- Cleachtaíonn cór na scoile gach Máirt agus bíonn R3-6 i láthair, déantar freagraí an aifrinn agus paidreacha eile a chleachtadh leo freisin.
- Cuirtear an Bord Bainistíochta agus foireann na scoile ar an eolas faoin Aifreann scoile a eagraíonn Oifig an Ard Easpaig gach bliain.

- Bíonn na luachanna a bhaineann leis an gcríostaíocht le feiceáil i ngach ábhar eile mar go mbíonn na luachanna seo le feiceáil san fhoghlaim agus sa mhúineadh. Le gach caidreamh agus gaol atá á chothú againn sa scoil.

• Tugtar gach deis do na múinteoirí forbairt ghairmiúil a dhéanamh nuair atá sé ar fáil.

• Seachtain na scoileanna Caitliceacha

- Le linn na seachtaine seo cuirtear béim ar na luachanna Críostaí agus séiteas na scoile agus bíonn deis ag Rang 6 an tseachtain a threorú. Léann siad na paidreacha gach maidin agus bíonn obair bhaile sa bhreis ag na páistí an tseachtain seo teagmháil a dhéanamh leis na sean tuismitheoirí. Bíonn deiseanna ag na bunranganna agus na hardranganna obair lena chéile (tráth na gceist/siúlóid srl). Tugann na deiseanna seo seans do na páistí móra na luachanna Críostaí a thaispeáint agus a mhúnlú do na páistí óga.

10. Tuismitheoirí/Caomhnóirí agus an Teagasc Críostaí:

Tugtar aitheantas ar an ról tábhachtach atá ag na tuismitheoirí mar phríomhoideoir ar oideachais a gcuid leanaí. Tá leathanach baile ag an Scéim i nGrá Dé a sheoltar abhaile go seachtainiúil atá dírithe ar na téamaí seachtainiúla a mhúintear do na daltaí ar scoil.

Déantar teagmháil rialta leis na tuismitheoirí maidir le cúrsaí ar Aladdin agus bíonn dátaí a bhaineann leis na searmanais/sacraimintí/carúil Nollag ar suíomh gréasáin na scoile. Bíonn cruinniú ann ag tús gach scoilbhliain dóibh siúd nach nglacann páirt sa Teagasc Críostaí.

11. Daltaí le creideamh eile nó gan creideamh

Bíonn fáilte roimh páiste ar bith le creideamh eile nó gan creideamh i gcónaí anseo i Scoil Naithí. Nuair a chlaraíonn siad ainm a bpáiste don scoil, bíonn sé soiléir gur scoil Chaitliceach í Scoil Naithí le héiteas caitliceach láidir inti atá le feiceáil I measc pobal iomlán na scoile.Fanann na páistí nach bhfuil páirteach sa cheacht sa rang agus bíonn comhrá ag na tuismitheoirí leis an Múinteoir ranga ag tús gach scoilbhliain chun obair an pháiste a phlé nuair atá Teagasc Críostaí á mhúineadh sa rang. Níl sé de dhualgas ar an Múinteoir ranga obair éagsúil a eagrú dóibh siúd nach bhfuil páirteach sa rang agus is gá don tuismitheoir obair (dathú/léitheoireacht) a eagrú dá bpáiste don tréimhse seo.

Tugtar fáilte roimh gach duine chuig aon cheiliúradh a bhaineann leis an chreideamh. Bíonn plé oscailte ann i gcónaí agus cinneadh ag na tuismitheoirí má ghlacann a bpáiste páirt sna hócáidí thuas luaite. Bíonn fáilte roimh gach páiste le creideamh eile nó gan creideamh teacht ag na sacraimintí nó freastal ar an gcóisir (R2). Tugtar deis do na tuismitheoirí a bpáiste a bhaint ón rang (an páiste a bhailiú) muna dteastaíonn uathu go mbeadh a bpáiste i láthair ag searmanas/ócáid/sacraimint.

State how your Catholic school is open and inclusive to children who are not of the Catholic faith. State how they are invited to participate in and engage with the Religious Education classes.

12. Páistí le riachtanaisí sa bhreis

- Tugtar tacaíocht sa bhreis dóibh siúd le riachtanaisí breise. Bíonn deiseanna breise acu leis an Múinteoir breise nó leis an bhFoireann Oideachas Speisialta chun paidreacha a

fhoghlaim nó chun téamaí agus coincheapa dúshlánacha a thuiscint nó más gá an tuiscint sin a dhaingniú.

13. Dualgaisí an chomhordaitheora

- Tá freagracht foriomlána ar an mBord Banaistíochta na scoile chun éiteas Caitliceach na scoile a chur chun cinn agus a fhorbairt.
- Déanann an comhordaitheoir cinnte de go leantar an polasaí seo agus go mbíonn na háiseanna ar fáil do na múinteoirí
- Tá an ról seo mar chuid de dhualgaisí an Fhoireann Bhainistíochta agus tá an príomhoide i gceannas air faoi láthair.
- Seo chuid de na dualgaisí;
    - teagmháil leis an bparóiste agus na cuairteanna leis an séipéal
    - Plé leis an sacraistin
    - Am urnaithe sa scoil a eagrú agus a threorú.
    - Tacú leis na múinteoirí chun na rang 2 agus 6 a ullmhú do na sacraimintí
    - Teagmháil le tuismitheoirí Rang 1 agus 5 cóisir/cupán tae srl
    - Aifreann Gaeilge a eagrú le haghaidh coícís na Gaeilge
    - Plé leis an gcomhairleoir deoise
    - Seachtain na scoileanna Caitliceacha a eagrú
    - Áiseanna cuí a bheith ar fáil do na múinteoirí, páistí agus tuismitheoirí srl.

15. Daingniú & Cumarsáid

Ghlac an Bord Bainistíochta leis an bPolasaí seo ar an 16/9/24 [dáta].

Rinne an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an bPolasaí seo ar an 16/9/24. *[an dáta athbhreithnithe is déanaí].*

Síniú: _____ Síniú: _____

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta An Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bainistíochta

Roinnfear an polasaí seo le Comhlucht Naithí Teoranta agus le tuismitheoirí na scoile.